An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Tuarascáil Bhliantúil 2016



Pictiúr Clúdaigh: Comhairle NCSE leis an Aire Oideachais agus Scileanna, Risteárd de Briotún, TD

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

# Tuarascáil Bhliantúil 2016

Meitheamh 2017

© NCSE 2017

**An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

1–2 Sráid an Mhuilinn
Baile Átha Troim
Co. na Mí

T: 046 948 6400

www.ncse.ie

# Clár

Litir chuig an Aire ó Chathaoirleach NCSE 3

Réamhrá: Ár gCur Chuige Straitéiseach 9

Príomhghaiscí 13

Tosaíocht Straitéiseach 1: Soláthar oideachais agus seirbhísí tacaíochta do leanaí ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta a phleanáil agus a chomhordú 17

Tosaíocht Straitéiseach 2: Comhairle um pholasaí a bheidh bunaithe ar fhianaise a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna maidir le hoideachas do leanaí ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta 27

Tosaíocht Straitéiseach 3: Clár taighde a stiúradh agus a chur i gcrích a bheidh mar bhonn eolas a scaipeadh um dheachleachtas oideachais speisialta ar scoileanna, ar thuismitheoirí is ar an earnáil oideachais 31

Tosaíocht Straitéiseach 4: Athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar breisoideachais agus ardoideachais do dhaoine fásta ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta chomh maith le treoracha deachleachtais a fhorbairt 41

Tosaíocht Straitéiseach 5: A chinntiú go leanann NCSE den bhforbairt mar eagraíocht éifeachtúil a ghéilleann do riachtanais idir reachtúil, rialaithe agus corparáideach agus a chinntiú go mbunaítear straitéisí éifeachtúla maidir le scaipeadh eolais, le cumarsáid agus leis na meáin 45

Rialachas 51

## Aguisíní (1–5)

1. Deimhnithe um Ghéilliúlacht do Riachtanais an Chóid Rialaithe do Chomhlachtaí Stáit 2009 61
2. Foireann NCSE 63
3. Eoals Staitisticiúil don Scoilbhliain 2015-16 64
4. Cur síos ar na Catagóirí Míchumais 65
5. Gluais na nAcrainmneacha is mó a luaitear 68

# Litir chuig an Aire ó Chathaoirleach NCSE

**Meitheamh, 2017**

**An tUas. Risteárd de Briotún, TD**
**Aire Oideachais agus Scileanna**
**An Roinn Oideachais agus Scileanna**
**Sráid Mhaoilbhríde**
**Baile Átha Cliath 1**

A Aire, a chara

Is mór an t-áthas a bhí orm gur toghadh mé don dara téarma mar Chathaoirleach ar an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ó mhí Eanáir 2016.

I rith na bliana 2016 bhí mórán dúshlán roimh an NCSE mar tháinig deireadh le téarma oifige na Comhairle Nollaig 2015 agus ba mise an t-aon bhall de Chomhairle an NCSE go deireadh Iúil 2016. Tá buíochas ag dul d'Oifigeach Cúntasaíochta na Roinne agus oifigigh eile as oibriú go dlúth linn chun teacht ar chomhaontuithe um rialachas eatramhach a lig dúinn ár gCuntais Bhliantúla agus Tuarascáil Bhliantúil 2015 a shíniú.

Filleadh ar na gnáthchleachtais rialachais faoi dheireadh Iúil nuair a ghníomhaigh tú gan mhoill chun na 12 bhall eile a cheapadh. Ar mí-ámharaí an tsaoil ní raibh dóthain am chun ligean don Chomhairle iomlán teacht le chéile 6 huaire i 2016 mar a luaitear san Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Oideachasúla Speisialta acu (EPSEN) 2004; ach is maith liom a chur in iúl gur tharla 3 chruinniú idir Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair. Ina theannta san bhí mórán cruinnithe ag Coistí Comhairle le linn an ama san.

Mar a éilítear faoin Acht EPSEN, tugaim anois duit tuarascáil bhliantúil NCSE 2016 mar a bhfuil sonraí na gcruinnithe úd maraon le tuairisc ar ghníomhaíochtaí NCSE le linn 2016.

Tá sé de dhualgas orm freisin an tuairisc anso thíos a thabhairt duit mar a éilítear faoin gCód Cleachtais 2009 um Rialú Comhlachtaí Stáit:

- Ní comhlacht Stáit tráchtála í NCSE. Níl fochomhlacht, beartas páirte ná scairshealbhú againn. Ní raibh aon tionchar ag imeachtaí suntasacha tráchtála ar NCSE i 2016 ná níltear ag súil lena leithéid d'imeacht.
- Is mar a nochtaítear í inár gcuntais bhliantúla 2016 atá staid airgeadais NCSE agus déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Cicste Iniúchadh orthu. Ach an iniúchadh déanta, seoltar chugat ar leith na cuntais úd faoi Alt 29 den Acht EPSEN agus, de réir gá, ina dteannta beidh tuairisc uaim féin agus deimhnithe maidir leis an gcóras NCSE um Airgeadas Inmheánach a rialú.
- Ghlac an NCSE leis an gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit 2009 agus géilltear don Chód céanna.

- Sa chomhthéacs úd, dearbhaím:
    - Go gcloítear leis na cleachtais chuí um thuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal, fála agus díol sócmhainní.
    - Géilleann baill NCSE don Chód NCSE um Iompar Gnó na mBall.
    - Géilleann fostaithe NCSE don Chód Iompair do Státsheirbhísigh.
    - Géilltear do pholasaí rialtais maidir le tuarastal a íoc leis an bpríomhfheidhmeannach agus na fostaithe.
    - Ní íoctar táillí stiúrthóra le baill chomhairle NCSE.
    - Géilleann NCSE do na treoracha um mholtaí caiteachais caipitiúil a mheas agus a bhainistiú.
    - Géilleann NCSE do riachtanais Rialtais um pholasaí taistil.
    - Níl NCSE ag súil le haon imeachtaí suntasacha tar éis don chlár fuílleach a bheith réidh.

Thóg an Chomhairle ceann den Chód Cleachtais athbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit a foilsíodh Lúnasa 2016. Tá athbhreithniú cruinn á dhéanamh againn faoi láthair ar an gCód agus ár gcórais reatha. Tá sé i gceist againn na socruithe cuí NCSE a fheidhmiú, mar a éilítear, i dtreo géilliúlacht iomlán don Chód nua do 2017.

Le linn 2016, leanamar den saothar a bhain le hacmhainní a dháileadh mar theagasc acmhainne agus poist um riachtanais speisialta ar scoileanna do riachtanais speisialta. Mar a mhínítear sa tuarascáil seo, faoi dheireadh na scoilbhliana 2015-16 bhí breis is 6,800 post teagasc acmhainne agus nach mór 12,000 post mar Chúntóirí um Riachtanais Speisialta (SNA) sna scoileanna chun tacú le breis is 50,000 scoláire ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta.

Ba mhór an onóir dom a bheith ag obair leat féin agus d’oifigigh ar shamhail nua um mhúinteoirí oideachais speisialta a cheapadh sna scoileanna a bhreith isteach. Ba chás don NCSE ar feadh tamaill an tsamhail mar a bhíodh agus is dóigh linn go mbeidh an tsamhail nua níos fearr agus níos córa mar chóras chun tacú le scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta.

Ról lárnach againn is ea comhairle a chur ort faoi oideachas do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta. Sa chomhthéacs seo, táim sásta a rá gur thosaigh obair ar an athbhreithniú iomlán ar an scéim SNA le linn 2016 maraon le sruthanna taighde agus comhariliúcháin chun bonn láidir bunaithe ar fhianaise a chur faoin gcomhairle. Meastar go gcríochnófar an t-athbhreithniú sa chéad ráithe 2018.

Leanamar dár gclár seanbhunaithe taighde a dhíríonn ar théamaí lárnacha a bhaineann le hoideachas speisialta anso in Éirinn agus thar sáile. D'fhoilsíomar 5 pháipéar taighde i 2016 agus sheolamar bunachar sonraí um fhorbairt phroifisiúnta leanúnach (CPD) do mhúinteoirí sna réimsí imeascadh agus riachtanais speisialta. Forbraíodh é sin mar uirlis phraiticiúil do mhúinteoirí atá ag lorg deiseanna CPD.

Beidh an NCSE sásta aon eolas breise nó soiléiriú faoinár ngníomhaíochtaí i 2016 a chur ar fáil.

MIse le meas

**Eamon Stack**
*Cathaoirleach*
*An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta*

## Réamhrá:

# Ár gCur Chuige Straitéiseach

# Réamhrá:

## Ár gCur Chuige Straitéiseach

Tá sé mar aidhm againn soláthar leanúnach oideachais a chur chun cinn a bheidh:

- cuimsitheach agus sofhreagrach agus
- a chuirfidh oideachas oiriúnach ar fáil do leanaí agus aosaigh ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta.

Déanaimid é sin trí thacaíocht a dháileadh ar scoileanna; trí chomhairle agus eolas a thabhairt; trí thaigde ar oideachas a dhéanamh agus a scaipeadh; agus trí chomhairle polasaí a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna faoi cheisteanna oideachais speisialta. Oibrímid freisin leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le soláthar roinnt Cuspóirí agus Gnímh a leagadh síos i bPlean Gnímh na ROS do 2016-2019.

Ar na feidhmeanna a leagtar síos dúinn, in Alt 20 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (EPSEN) 2004, tá an méid seo:

- Soláthar oideachais do leanaí ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta a phleanáil is a chomhordú agus a chinntiú go mbíonn an soláthar céanna ar fáil go leanúnach.
- Taighde a dhéanamh agus a chomhordú.
- Comhairle um pholasaí oideachais speisialta a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna.
- Eolas, deachleachtas san áireamh, ar oideachas speisialta a scaipeadh ar thuismitheoirí, ar scoileanna is orthu siúd eile a chuirfeadh suim ann.
- Dul i gcomhairle le comhlachtaí deonacha lena chinntiú go gcuimsítear a gcuid eolais is oilteachta agus polasaí NCSE á fhorbairt againn.
- Athbhreithniú ginearálta a dhéanamh ar an soláthar breisoideachais, ardoideachais agus/nó oideachas leanúnach do dhaoine fásta faoi mhíchumas chomh maith le comhairle a chur ar institiúidí oideachais maidir le deachleachtas sa réimse sin.

Táimid tar eis cúig chuspóir straitéiseacha a leagan síos chun na feidhmeanna a chur i gcrích. Sa tuarascáil seo mínítear an dul chun cinn atá déanta faoi gach cuspóir díobh i 2016.

**Tábla 1:** **Cuspóirí Straitéiseacha NCSE**

- **Tosaíocht Straitéiseach 1:** Soláthar oideachais agus seirbhísí tacaíochta do leanaí ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta a phleanáil agus a chomhordú.
- **Tosaíocht Straitéiseach 2:** Comhairle um pholasaí a bheidh bunaithe ar fhianaise a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna maidir le hoideachas do leanaí ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta.
- **Tosaíocht Straitéiseach 3:** Clár taighde a stiúradh agus a chur i gcrích a bheidh mar bhonn ag scaipeadh eolais um dheachleachtas oideachais speisialta ar scoileanna, ar thuismitheoirí is ar an earnáil oideachais.
- **Tosaíocht Straitéiseach 4:** Athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar breisoideachais agus ardoideachais do dhaoine fásta ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta chomh maith le treoracha deachleachtais a fhorbairt.
- **Tosaíocht Straitéiseach 5:** A chinntiú go leanann NCSE den bhforbairt mar eagraíocht éifeachtúil a ghéilleann do riachtanais idir reachtúil, rialaithe agus corparáideach agus a chinntiú go mbunaítear straitéisí éifeachtúla maidir le scaipeadh eolais, le cumarsáid agus leis na meáin.

# Príomhghaiscí

# Príomhghaiscí

Le linn 2015-2016 thacaigh an NCSE le foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, mar a leanas:

- Soláthar teagsac breise i scoileanna lárshrutha do bheagnach 53,000 scoláire ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta.
- Soláthar tacaíochta trí chúntóir riachtanais speisialta (SNA) do bhreis is 29,000 scoláire ag a bhfuil riachtanais suntasacha cúraim chomh maith le riachtanais oideachasúla speisialta.
- Próiseáil ar bhreis is 18,000 iarratas nua ó bhunscoileanna is meánscoileanna ar uaireanta breise teagaisc do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta.
- Próiseáil ar bhreis is 8,600 iarratas nua ó scoileanna ar theacht ar thacaíocht SNA do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta.
- Próiseáil ar bhreis is 3,400 iarratas nua ar iompar scoile do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta.
- Próiseáil ar bhreis is 3,500 iarratas nua ar theicneolaiocht chuntach/trealamh speisialta do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta.
- Bhunaigh ar an iomlán 1,008 rang speisialta i scoileanna lárshrutha agus áit ar fáil iontu do 6,500 scoláire.

I 2016 freisin, rinne NCSE na bearta seo:

- D'fhoilsigh comhairle polasaí don Aire Oideachais agus Scileanna um sholáthar oideachais do scoláirí ar a bhfuil aicíd speictream uathachais
- Thosaigh athbhreithniú ar Scéim na gCúntóirí um Riachtanais Speisialta
- D'fhoilsigh 5 thuairisc nua taighde ar réimsí áirithe oideachais speisialta
- Stiúraigh comhdháil mhór Taighde chun torthaí taighde a scaipeadh is a phlé le páirtithe leasmhara

## Plean Gnímh na ROS don Oideachas 2016-2019

- I bPlean Gnímh na ROS don Oideachas 2016-2019 leagtar síos fís do Chóras Oideachais agus Oiliúna na hÉireann mar an córas is fearr san Eoraip go ceann deich mbliana agus deis ag cách an leas is fearr a bhaint as a mianach. Bunaítear tacaíocht d'fhoghlaimeoirí i spriocanna an Phlean 5 Ghníomh, díríonn sprioc 2 ar fhoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil nó lucht riachtanais speisialta.
- Oibreoidh an NCSE leis an ROS chun spriocanna agus bearta a sholáthar laistigh den scála ama cuí, san áireamh beidh tacú le samhail nua dáilte do mhúinteoirí oideachais speisialta, athbhreithniú ar scéim SNA agus seirbhís nua tacaíochta a fhorbairt.
- Le linn 2016, d'oibrigh NCSE le ROS um shamhail phíolótach dáileadh muinteoirí, réamhobair ar an tSeirbhís Náisiúnta um Thacaíochta Iompair (NBSS), an tSeirbhís Tacaíochta um Oideachas Speisialta (SESS), agus an tSeirbhís Múinteoir Cuairte (VTS) a aistriú faoin NCSE. Ina theannta san críochnaíodh Téarmaí Tagartha d'Athbhreithniú cuimsitheach na scéime SNA.

# Tosaíocht Straitéiseach 1

Soláthar oideachais agus seirbhísí tacaíochta do leanaí ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta a phleanáil agus a chomhordú

# Tosaíocht Straitéiseach 1

**Soláthar oideachais agus seirbhísí tacaíochta do leanaí ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta a phleanáil agus a chomhordú**

## Reamhrá

Déantar freastal ar scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta in Éirinn trí roghanna socruithe agus san áireamh tá:

- **Rang lárshrutha**, mar ab fhéidir leis an scoláire ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta tacaíocht bhreise a fháil ón mhúinteoir trí dhifreáil curaclaim agus/nó tacaíocht bhreise teagaisc ó mhúinteoir tacaíocht fhoglama/teagasc acmhainne.
- **Rang speisialta i scoil lárshrutha** mar a mbíonn idir seisear agus 11 scoláire in aon rang speisialta, ag brath ar an ngá áirithe oideachasúil.
- **Scoil speisialta** do scoláirí ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta atá níos casta is iad i ranganna mar a mbíonn idir seisear agus 11 scoláire in aon rang speisialta, ag brath ar an ngá áirithe oideachasúil.

Ar an mórgóir téann scoláirí ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta chuig an scoil áitiúil lárshrutha. Bíonn cuid acu i rang speisialta sa scoil áitiúil agus freastalaíonn cuid éigin eile ar scoileanna speisialta.

Má chláraítear scoláirí ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta féadfaidh an scoil cur isteach ar thacaíochtaí breise teagaisc agus cúraim faoi scéimeanna éagsúla de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna. Is iad na hEagraithe Riachtanais Oideachais Speisialta (SENO) atá san NCSE a dháileann na tacaíochtaí ar na scoileanna agus, i gcomhar leis an scoil, déantar ranganna nua speisialta a phleanáil is a cheadú de réir gá. Arís de réir gá, déanann an NCSE próiseáil ar iarratais ar iompar speisialta scoile agus tacaíochtaí cúnamh teicneolaíochta.




Helen Walsh & Muireann McCoy, beirt SENO, ag an gComhdháil Taighde NCSE

# Acmhainní do Scoileanna sa Scoilbhliain 2015-16

## Iarratais ar Thacaíochtaí Breise

I rith na scoilbhliana 2015-16[1] rinneadh próiseáil ar bheagán faoi bhun 34,000 iarratas ar thacaíocht múinteoir acmhainne, SNA, iompar scoile nó teicneolaíocht chúntach/ trealamh speisialta, b'shin méadu ó 31,000 an bhliain seo caite.

**Tábla 2: Achoimre ar iarratais a ndearna NCSE próiseáil orthu sa Scoilbhliain 2015-16**

| Scéim | Líon iarratas |
|---|---:|
| Múinteoir acmhainne | 18,177 |
| SNA | 8,621 |
| Iompar scoile | 3,423 |
| Teicneolaíocht chúntach/trealamh speisialta | 3,564 |
| **Iomlán** | **33,785** |

## Méadú 9.6% ar an líon Scoláirí a fuair tacaíocht Múinteoir Acmhainne i 2015-2016

Cheadaigh an NCSE 6,823 múinteoir acmhainne do 53,000 scoláire i scoileanna lárshrutha i 2015-2016 (féach Aguisín 3 do na catagóirí míchumais). Seo méadú 9.6% nó 619 post teagasc acmhainne ar an líon (6,204) a ceadaíodh i 2014-15 nuair a bhí uaireanta teagasc acmhainne ag 48,000 scoláire. Dáileadh 23 post acmhainne – méadú 19 ar an mbliain a bhí caite – faoin scéim eatramhach a thacaigh le scolairí ag a bhfuil Siondróm Down nach mbíodh i dteideal teacht ar thacaíocht um mhinicíocht íseal ó mhúinteoirí acmhainne.

## Méadú 17.9% ar an Soláthar Ranganna Speisialta

Tharla méadú 153 (17.9%) ar an líon ranganna speisialta i scoileanna lárshrutha faoi dheireadh 2015-16 agus anois tá 1,008 rang speisialta ag feidhmiú. Tá teacht ar bhreis is 6,500 áit – méadú 800 ar 2014-15.

Anois tá breis is 6,500 áit ar fáil i 1,008 i rang speisialta i scoileanna lárshrutha

1 Leanann an scoilbhliain 2015-16 ó Mheán Fómhair 2015 go Meitheamh 2016.

## Breis dáilte ar Scoileanna Speisialta

Sa scoilbhliain 2015-16, cláraíodh beagán os cionn 7,600 scoláire i scoileanna speisialta faoi bhreis is 1,100 muinteoir agus beagán os cionn 2,300 SNA. B'shin méadú 14 mhúinteoir agus 87 SNA i scoileanna speisialta ar anuraidh.

## Tacaíochtaí SNA

Tháinig méadú ó 810 go 11,984 ar na poist SNA i mbunscoileanna, meánscoileanna agus scoileanna speisialta i 2015-2016 agus tacaíodh le breis is 29,000 scoláire ag a raibh gá le cúram suntasach.

Tá na sonraí teagasc acmhainne agus dáiltí SNA i ngach scoil ar shuíomh an NCSE, www.ncse.ie.

# Acmhainní do Scoileanna sa Scoilbhliain[2]

Tá 960 post breise SNA ar fáil do 2016-2017

Don scoilbhliain 2016-17, mhéadaigh ar an líon post teagasc acmhainne a bhí ar fáil faoi 600 go 7,452 agus ar an líon post SNA faoi 960 go 12,900.

Tá 600 post breise múinteoir acmhainne i 2016-2017

I dTábla 3 anso thíos tá líon na múinteoirí acmhainne agus SNA dáilte ar scoileanna faoi dheireadh Mí na Nollag 2016. Beidh an líon deiridh post ceadaithe don scoilbhliain 2016-17 ar fáil i dTuarascáil Bhliantúil 2017.

**Tábla 3: Líon post Teagasc Acmhainne agus SNA**

| | Deireadh scoilbhliain 2015-16 | Deireadh Mí na Nollag 2016 | % Méadú |
|---|---|---|---|
| Poist Teagaisc Acmhainne | 6,823 | 7,430 | 8.9% |
| Poist SNA | 11,984 | 12,892 | 7.8% |

2 Leanann an scoilbhliain 2016-17 ó Mheán Fómhair 2016 go Meitheamh 2017.

## An Próiseáil Achomhairc um Dháileadh Acmhainní

Gach bliain, tagann achomhairc ó thuismitheoirí nó scoileanna. Faoi dheireadh mí na Nollag 2016, fuarthas 132 achomharc as an 27,000 cinneadh um dháileadh acmhainní don scoilbhliain 2016-17 – laghdú cúig achomharc ar an mbliain roimhe sin.

**Tábla 4: Anailís ar achomhairc – faighte faoi dheireadh Mí na Nollag 2016**

| Anailís ar achomhairc – faighte faoi dheireadh Mí na Nollag 2016 | |
|---|---|
| Iomlán achomharc faighte | 132 |
| Achomhairc faighte ó thuismitheoirí | 23 |
| Achomhairc faighte ó scoileanna | 109 |
| Achomhairc faighte faoi dháileadh SNA | 80 |
| Achomhairc faighte faoi uaireanta teagasc acmhainne | 52 |
| Achomhairc a tarraingíodh siar | 39 |
| Achomhairc ar seasadh leo | 6 |
| Achomhairc a ndiúltaíodh dóibh | 85 |
| Achomhairc fós idir lámha deireadh Mí na Nollag 2016 | 2 |

## Eolas do Thuismitheoirí agus Scoileanna

### Seisiúin Eolais doThuismitheoirí

Cheap 99% de thuismitheoirí go raibh na hábhair a dáileadh ag seisiúin eolais NCSE úsáideach; cheap 100% go raibh na seisiúin cabhrach

Tharla clár eolais do thuismitheoirí ar feadh 2015-16, díríodh go príomha ar thuismitheoirí/caomhnóirí leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta a bhí le dhul ar scoil don chéad uair Meán Fómhair 2016. Ba iad na SENO a rinne an cur i láthair is a mhínigh na seirbhísí agus tacaíochtaí a bheadh ar fáil sa cheantar. Freagraíonn na SENO aon cheist a bhíonn ag tuismitheoirí/caomhnóirí, agus scaipeann an réimse leathan bileoga agus leabhrán NCSE orthu.

Tharla 41 seisiún sa chlár 2015-16. Ar an iomlán d'fhreastail 738 duine orthu. Mar a tharla anuraidh bhí an measúnú dearfach. Fuarthas foirmeacha aiseolais ó thart ar 40% den lucht freastail (n=278). Dúirt gach éinne go raibh na seisiúin "an-chabhrach" nó "cabhrach", luaigh 99% go raibh na hábhair a dáileadh "an-úsáideach" nó "úsáideach".

Thosaigh soláthar céimneach ar ár gclár 2016-17 mí Meán Fómhair 2016, le súil é a chríochnú in Earrach 2017. Tharla 29 seisiún idir Meán Fómhair agus Nollaig. Mar a tharla go dtí seo, déanfar measúnú ar an gclár lena chinntiú go bhfreagraítear do riachtanais tuismitheoirí le linn tréimhse ríthábhachtach i saol an linbh.


## Treoracha Trasnaithe


Mí Eanáir 2016, don chéad uair d'fhoilsigh an NCSE treoracha náisiúnta a chabhróidh le tuismitheoirí agus scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta déileáil go sásúil le hócáidí trasnaithe sa saol.


Sna treoracha leithne cuimsitheacha úd tá comhairle agus leideanna a chuirfidh in iúl do theaghlaigh – leanaí, tuismitheoirí, caomhnóirí agus eile – gur féidir rath a bheith ar a leithéid de thrasnú agus tugtar cabhair dóibh a leithéid a chur i gcrích.


Cuimsítear gach saghas agus gach leibhéal trasnaithe:

- tús na scolaíochta
- ag bogadh ón mbunscoil go hiarbhunscoil
- ag bogadh idir suímh speisialta agus lárshrutha agus
- ag pleanáil don saol tar éis scolaíochta.





**D'fhoilsigh NCSE Treoracha Trasnaithe do Thuismitheoirí, Scoláirí agus Scoileanna**




D'fhoilsigh an NCSE treoir freisin do scoileanna maidir le tacú leis na trasnuithe úd.


Sna leabhráin seo dírítear ar an dtábhacht a bhaineann le:

- Pleanáil don trasnú ionas go mbeidh an scoláire réidh dó
- Tuismitheoirí ag éisteacht le ceisteanna an linbh agus á bhfreagairt
- Tuismitheoirí ag ullmhú na leanaí don scoil an chéad uair nó don aistriú scoile
- Eolas á roinnt idir scoileanna agus tuismitheoirí ionas go mbeidh an scoil nua réidh le tacaíocht a thabhairt ón gcéad lá
- Tuismitheoirí agus scoileanna ag cabhrú le scoláirí maidir le neamhspleáchas i dtreo iad a ullmhú don chéad chéim eile.

Tá na Treoracha Trasnaithe ar fáil ar an suíomh idirlín NCSE www.ncse.ie.

## Treoracha um Ranganna Speisialta do Bhoird Bhainistíochta agus Príomh-Oidí

Mínítear go soiléir conas rang speisialta a bhunú is a eagrú mar chuid de chóras leanúnach do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta.




Freagraítear na ceisteanna seo a leanas sna treoirlínte:

- Cé acu scoláirí a chláraítear i ranganna speisialta?
- Cé a chinntíonn an scoláire a chlárú i rang speisialta?
- Cá fhad a chaitheann an scoláire i rang speisialta?
- Conas a bhunaítear rang speisialta?
- Cad iad na bearta a bhaineann leis an rang a bhunú?
- Cén acmhainní atá ar fáil do rang speisialta?
- Cen cúinsí a bheadh mar údar rang speisialta a dhúnadh?

**D'fhoilsigh NCSE Treoracha do Rang Speisialta a Bhunú is a Eagrú**

Tá na treoracha ar fáil ar an suíomh idirlín NCSE www.ncse.ie.

Rinne NCSE Urraíocht ar Ghradam Speisialta ag Taispeántas Eolaí Óg BT 2016

## Gradam Speisialta ag Taispeántas Eolaí Óg BT 2016

Arís d'urraigh NCSE Gradam Speisialta ag Taispeántas Eolaí Óg BT 2016. Lorgaítear an tionscnamh is fearr a léiríonn feasacht agus tuiscint ar leanaí agus daoine óga ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta agus/nó ag a bhfuil tionchar díreach ar a saol.

I mbliana bronnadh gradam NCSE ar scoláire óg, Nicole Marinos, ó Mheánscoil Chríost Rí, Corcaigh. *Living with Hearing Loss: The Influence of Environmental Factors on Speech Audibility* a bhí mar theideal ar an iarracht. Sa tionscnamh seo rinneadh iarracht chun na factóirí comhshaoil a chruthaíonn timpeallacht mhaith éisteachta a aithint, agus ansin an t-eolas úd a úsáid chun cloisint urlabhara a fheabhsú i suímh éagsúla. Mar shuímh don tionscnamh baineadh leas as baile, seomraí ranga agus bialanna.




Eamon Stack, Cathaoirleach, NCSE, ag bronnadh Gradam NCSE ar an mbuaiteoir, Nicole Marinos, ó Mheánscoil Chríost Rí, Corcaigh

## Tosaíocht Straitéiseach 2

Comhairle um pholasaí a bheidh bunaithe ar fhianaise a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna maidir le hoideachas do leanaí ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta

# Tosaíocht Straitéiseach 2

**Comhairle um pholasaí a bheidh bunaithe ar fhianaise a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna maidir le hoideachas do leanaí ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta**

D'fhoilsigh NCSE an chead mhórthuairisc le 14 bliana anuas ar oideachas do scoláirí ag a bhfuil Aicíd Speictream Uathachais

## Ról NCSE

Cuireann NCSE sainchomhairle polasai neamhspleách, is í bunaithe ar fhianaise, ar an Aire Oideachais agus Scileanna maidir le hoideachas speisialta do scolairí.

## Ag tacú le Scoláirí ar a bhfuil Aicídí Speictream Uathachais

Mí Iúil 2016 d'fhoilsigh an NCSE an chéad mhórthuairisc le nach mór 14 bliana ar oideachas do scoláirí ar a bhfuil Aicíd Speictream Uathachais. Tharla próiseas leathan cuimsitheach taighde agus comhairliúcháin sular foilsíodh í.


Fuarthas amach go bhfuil fáithmheas uathachais ag duine as 65 scoláirí nó 1.5% de dhaonra na scoileanna, is ionann san agus thart ar 14,000 scoláire sa scoilbhliain 2015-2016.

Ar thorthaí lárnacha eile tá:

- Méadaíodh go mór ar an infheistíocht – cuirtear breis is €300m in aghaidh bliana isteach i dteagasc breise, iompar, teicneolaíocht agus tacaíochtaí eile do scoláirí ar a bhfuil uathachas.
- De ghnáth tacaítear go maith sna scoileanna le scoláirí ar a bhfuil uathachas, go háirithe sna bunscoileanna ach tá gá le forbairt bhreise sna meánscoileanna.
- Cé go bhfuil feabhas mór ar eolas agus tuiscint múinteoirí ar uathachas ní leor fós é.
- Níl aon chur chuige ná modheolaíocht amháin ann atá oiriúnach do chách ar a bhfuil ASD – aithníodh 34 cinn d'idirgabhálacha bunaithe ar fhianaise le húsáid sna scoileanna.

Tá an tuairisc ar fáil, chomh maith le treoir do thuismitheoirí agus scoláirí, ag www.ncse.ie.

Baineann NCSE leas as naisc leis an Áisínteacht Eorpach mar bhonn faoina saothar taighde agus comhairle polasaí



Tá an NCSE mar bhall de ghrúpa feidhmithe a bhunaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna chun na moltaí sa tuairisc a phlé.

Tá NCSE i mbun athbhreithniú ar an Scéim SNA

### Athbhreithniú cuimsitheach ar an scéim SNA

Tá athbhreithniú cuimsitheach ar bun faoi láthair ag an NCSE ar an scéim SNA, ar iarratas ón Aire Oideachais agus Scileanna.

Go dtí seo, phléigh an NCSE na cúrsaí úd leis na páirtithe oideachais agus leasmhara agus ina theannta san rinneadh:

- athbhreithniú dírithe ar litríocht náisiúnta is idirnáisiúnta
- athbhreithniú idirnáisiúnta de réir tíre ar sholáthar tacaíochtaí paraphroifisiúnta
- anailís ar dháileadh tacaíocht SNA thar riachtanais éagsúla cúraim agus scrúdú ar na torthaí éagsúla a bhíonn ag scoláirí
- measúnú ar oibriú an scéim SNA i 25 scoil roghnaithe faoi thuairim.

Ina theannta san, ar iarratais uainn, tá an méid seo ar bun ag an Údarás Náisiúnta Míchumais:

- cleachtadh scóipe ar thacaíochtaí iarscoile do scoláiri faoi mhíchumas i dtimpeallacht oideachais/oiliúna agus oibre
- coimisiúnú cainníochta chun a chinntiú cé chomh hullamh is a bhíonn scoláirí faoi mhíchumas don saol tar éis na scolaíochta.

Críochnófar an t-athbhreithniú cuimsitheach faoi R1 2018.

## Saothar Idirnáisiúnta

I mbliana, lean an NCSE de thacú le saothar na hÁisínteachta Eorpaí um Riachtanais Speisialta agus Oideachas Imeasctha (EASNIE).

Eagraíocht neamhspleách is ea EASNIE a ghníomhaíonn mar ardán don chomhoibriú idir na ballstáit, ag saothrú i dtreo córais oideachais níos fearr ó thaobh imeasctha de.

Le linn 2016, bhain an NCSE leas as a bheith mar bhall de EASNIE trí:

- eolas a bhailiú ó 15 bhallstát ar úsáid tacaíochtaí paraphroifisiúnta chun tacú le scoláirí ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta
- Próifíl Múinteoirí Cuimsithe EASNIE a úsáid mar bhonn faoinár dtaighde ar Bhunoideachas Imeasctha do Mhúinteoirí – i gcomhthéacs na hÉireann.

# Tosaíocht Straitéiseach 3

Clár taighde a stiúradh agus a chur i gcrích a bheidh mar bhonn faoi scaipeadh eolais um dheachleachtais oideachais speisialta ar scoileanna, ar thuismitheoirí is ar an earnáil oideachais

# Tosaíocht Straitéiseach 3


**Clár taighde a stiúradh agus a chur i gcrích a bheidh mar bhonn faoi scaipeadh eolais um dheachleachtas oideachais speisialta ar scoileanna, ar thuismitheoirí is ar an earnáil oideachais**

Foilsíodh 5 thuairisc nua taighde agus bunaíodh 2 staidéar nua

## Réamhrá

Díríonn ár dtaighde ar théamaí éagsúla san oideachas speisialta agus déantar athbhreithniú ar chleachtadh agus soláthar náisiúnta, san am gcéanna scrúdaítear fianaise idirnáisiúnta. Ní mór a bheith eolach ar cheisteanna na huaire agus in ann teacht ar an dtaighde is déanaí. Ar an gcuma san beidh bonn láidir fianaise fúinn maidir le comhairle polasaí a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna.

D'fhoilsíomar cúig thuairisc taighde i 2016 agus seoladh ár mbunachar sonraí um dheiseanna leanúnach ar fhorbairt phroifisiúnta do mhúinteoirí san imeascadh agus oideachas speisialta. Leanadh den obair ar roinnt réimsí taighde atá fós ar bun, tosaíodh ar dhá thionscnamh nua a bhaineann go háiirthe leis an athbhreithniú cuimsitheach ar Scéim na gCúntóirí um Riachtanais Speisialta.




## Ár gcuid foilseachán

### Special Classes in Irish Schools Phase 2: A Qualitative Study

**Údair: Joanne Banks agus Selina McCoy *et al*.**


I ndiaidh foilseachán eile ón NCSE a d'eascair as suirbhé náisiúnta ar ranganna speisialta i 2014, lean an taighde seo de scrúdú níos doimhne ar sholáthar ranganna speisialta i 12 scoil roghnaithe don staidéar orthu – sé bhunscoil agus sé iarbhunscoil.

Dhírigh an staidéar seo ar ranganna speisialta do scoláirí ar a raibh Aicíd Speictram Uathachais (ASD), Míchumas Áirithe Teanga agus Urlabhra agus Míchumas Éadrom Foghlama Ginearálta (MGLD) maraon le ranganna neamhfhoirmiúla a bunaíodh i scoileanna chun tacú le scoláirí ag a raibh riachtanais éagsúla.

Bhí caidreamh ag na taighdeoirí leis na scoláirí, múinteoirí ranganna speisialta agus príomh-oidí. Fuarthas amach go mbíodh cur chuige difriúil ó scoil go chéile maidir le ranganna speisialta a stiúradh – uaireanta bhiodh socrú cinnte gan puinn plé leis an gcuid eile den scoil, uaireanta eile bhíodh scoláirí ag nascadh go minic le ranganna lárshrutha. Cé gur

bhraith múinteoirí áirithe nach raibh scileanna acu chun déileáil le ranganna speisialta, nuair a cuireadh oiliúint orthu bhraith siad go raibh feabhas mór ar an scéal ó thaobh freagairt do riachtanais na scoláirí de.

Níorbh ionann taithí an scoláire ó scoil go chéile. Bhí meas ag scoláirí ar dheiseanna foghlama i rang beag. Is fíor, áfach, gur bhraith cuid acu, go háirithe iad siúd i ranganna neamhfhoirmiúla agus MGLD, gur bhain smál éigin le bheith ag freastal ar an rang agus gur bhraith siad go bhféachtaí orthu mar dhaoine 'difriúla' agus iad ar leithligh laistigh den scoil.




## An Evaluation of Educational Provision for Students with Autistic Spectrum Disorders in Ireland


**Údair: Patricia Daly agus Emer Ring *et al*.**

Scrúdaigh an measúnú seo an soláthar do scoláirí ASD i socruithe éagsula ar fud na tíre, san áireamh bhí ranganna lárshrutha, ranganna speisialta, scoileanna speisalta, agus iad siúd a leanann an scéim teagasc baile agus síneadh leis an scoilbhliain, ar a dtugtar freisin an Clár Oideachais Iúil (JEP).

Rineadhh measúnú ar na suímh de réir creat deachleachtais do scoláirí ar a bhfuil ASD, é bunaithe go speisialta don staidéar seo ag Ionad Uathachais Middletown i gcomhar leis an NCSE. Tógadh an creat thart ar cheithre réimse lárnacha – teagasc agus foghlaim, bainistiú scoile, cultúr scoile agus forbairt foirne. Rinne na taighdeoirí measúnú ar na réimsí úd i 24 suíomh mar agallamh a chur ar phríomh-oidí, múinteoirí, SNA, tuismitheoirí agus scoláirí, maraon le breathnú ar chleachtas agus athbhreithniú ar dhoiciméadú.

Creat cuimsitheach leathan a bhí ann a léirigh tuairisc an-leathan ar fad; luaitear cuid bheag anso. Maidir le teagasc agus foghlaim, cheap na taighdeoirí go raibh an curaclam oiriúnach ar an mórgóir, in oiriúint don chuid ba mhó agus difreálach de ghnáth. Sna suímh iarbhunscoile, áfach, ní raibh an leibhéal idirdhealú chomh hard san. Bhí cultúr dearfach ann go ginearálta agus rugadh isteach na scoláirí ar a raibh ASD. Bhí an timpeallacht foghlama i seomraí ranga a tógadh chuige sin oiriúnach dóibh, cé go bhféadfaí feabhas a chur ar na seomraí lárshrutha maidir len iad a chur in oiriúint.

Maidir le bainistíocht scoile, measadh na struchtúir bhainistíochta agus riaracháin a bheith ar ardchaighdeán seachas eisceacht amháin. Is fíor, áfach, gur tugadh faoi deara nach raibh sé éasca Ionadaithe a fháil do mhúinteoirí speisialtachta ASD go háirithe i gcás JEP. Ó thaobh forbairt foirne de, bhí cáilíochtaí ardleibhéil agus CPD ag an bhfoireann. Aithníodh, áfach, go raibh gá le breis oiliúint do mhúinteoirí sna réimsí ranganna speisialta, teagasc baile agus Soláthar Iúil sa bhaile. I gcásanna áirithe bhí fadhbanna de dheasca easpa CPD do na SNA.




## Educating Persons with Autism Spectrum Disorders – A Systematic Literature Review


**Údair: Caroline Bond *et al.***

Rinne an staidéar seo athbhreithniú ar an bhfianaise is déanaí atá ar fáil ar eacrána oideachais do scoláiri ar a bhfuil ASD. Cuimsíodh staidéir thaighde foilsithe idir 2008 agus 2013 chun cur leis an bhfianaise a bhí ar fáil cheana féin i bhfoilseachán eile ón NCSE i 2009 (Parsons *et al.*).

Phléigh na taighdeoirí breis is 1,000 staidéar, roghnaigh 85 díobh a bhain le hábhar agus maith go leor lena gcur sa tuairisc dheiridh. Roinneadh an 85 staidéar i ngrúpaí de réir an méid fianaise, an-chuid, cuid réasúnta agus cuid bheag fianaise ar fáil. Ar deireadh beartaíodh gur léir ón bhfianaise go mbíonn gá le réimse soláthar difriúla agus straitéisí idirgabhálacha.

Ag féachaint ar na hidirgabhálacha ar a raibh an fhianaise ba mhó a bhí ar fáil san 85 staidéar, do leanaí réamhscoile, measadh dhá idirghabhháil sa chatagóir seo – idirghabhháil a chuirfeadh le chomhscileanna aire agus cláir chuimsitheach luathidirgabhálacha. In idirghabhháil um chomhscileanna aire bíonn duine fásta amháin ag plé leis an scoláire trí ghníomhaíocht bunaithe ar shúgradh nó uainíocht. Is idirgabhálacha iad go speisialta don ASD na luathidirgabhálacha cuimsitheach a dhíríonn ar réimsí mar iompar, scileanna sóisialta, cumarsáid, scileanna saoil agus foghlama.

Do leanaí scoile, rinneadh rátáil ar trí idirghabhháil ag a raibh an fhianaise ba mhó san 85 staidéar. In idirgabhálacha piarmheasta do leanaí i scoileanna lárshrutha dírítear ar scileanna sóisialta a fheabhsú don scoláire ar a bhfuil ASD, bíonn clubanna am lóin, grúpaí ag réiteach fadhbanna nó oiliúint do na scoláirí eile a ligfidh dóibh teacht isteach ar conas tacú leis an scoláire sin. Maidir le hidirgabhálacha ilghnéitheach um scileanna sóisialta bíonn mórán straitéisí mar ghrúpa tuismitheoirí a thacaíonn le scileanna sóisialta is leis an oiliúint iontu nó piarthacaíocht ar scoil don scoláire ar a bhfuil ASD. Bíonn idirgabhálacha iompair bunaithe ar phrionsabail iompair, san áireamh bheadh leid a thabhairt don scoláire nó athrú ar an dtimpeallacht a ligfeadh don scoláire teacht isteach ar athrú.




## Assistive Technology/Equipment in Supporting the Education of Children with Special Educational Needs – What Works Best?


**Údair: Richard Wynne agus Donal McAnaney *et al.***

Scrúdaigh an taighde seo an éifeacht an tacaíocht ón Roinn Oideachais agus Scileanna trí theicneolaíocht chúntach do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta. I dteicneolaíocht chúntach (AT) úsáidtear fearas mar bhogearraí guthbheoite, cabhair amhairc nó éistitheach, nó córais réimse fuaime.

Rinne an staidéar suirbhé ar thuairimí 100 scoláire agus a dtuismitheoirí maidir lena dtaithí ar theicneolaíocht chuntach a fháil is a úsáid chomh maith leis an dtionchar, dar leo, a bhí ag AT ar an oideachas acu. Labhraíodh freisin le múinteoirí agus daoine eile proifisiúnta a bhí ag cabhrú leo agus mar thaca don staidéar bhí léirmheas ar an bhfianaise ó thaighde idirnáisiúnta.

Don chuid ba mhó bhí dearcadh dearfach ag na scoláirí i leith an AT a bhí faighte acu – cheap nach mór 70% acu gur fhreagair an AT dá gcuid riachtanas oideachasúla. Bhíothas ag cabhrú leo na dúshláin oideachais a shárú, mar shampla teacht ar an gcuraclam agus a bheith páirteach i gceart sa rang.

Cé go raibh scéal dearfach acu faoin bpróiseas fála agus úsáidte AT, aithníodh réimsí a bhféadfaí a fheabhsú, mar shampla moill sa mheastachán agus easpa teagmhála maidir leis an bhfearas a dháileadh. Luaigh lucht an staidéir go minic go mbíonn gá le tacaíocht agus oiliúint in úsáid na teicneolaíochta agus bhí béim láidir air sin freisin sa litríocht idirnáisiúnta.




## A Study of the Experiences of Post Primary Students with Special Educational Needs

**Údair: Garry Squires, Afroditi Kalambouka agus Joanna Briggs**

Scrúdaigh an staidéar seo taithí breis is 220 scoláire ag a raibh riachtanais oideachasúla speisialta i meánscoileanna, coláistí pobail, scoileanna pobail agus cuimsitheach, scoileanna speisialta agus ionaid Ógtheagmhála. Theastaigh eolas ón mheitheal taighde ar thaithí an scolaire ar ábhair mar mhodhanna múinte, atmaisféar na scoile, caidreamh le piaraí agus múinteoirí, an curaclam agus tacaíochtaí scoile go háirithe maidir lena bplé agus páirtíocht féin san oideachas.

Fuarthas amach go raibh tuairimí is taithí na scoláirí an-chosúil lena raibh ar fáil sa litríocht idirnáisiúnta. Bhí meas acu ar mhúinteoirí a chuir suim iontu mar dhaoine agus a léirigh tuiscint ar a gcuid riachtanais idir fhoghlama, mothúcháin agus sóisialta. Ba mhaith leo a bheith páirteach i gcinntí a bhain leo féin, go háirithe maidir le rogha curaclaim, ach uaireanta bheadh tacaíocht uathu chuige sin. Is fíor, áfach, gur bhraith cuid acu gur ghluais an curaclam ar aghaidh ró-thapaidh, bhí míshástacht freisin dá ndéanadh scoileanna moill ag déileáil le heachtraí bulaíochta.

Sa taighde aithníodh ceachtanna tábhachtacha, mar shampla go mba chóir an scoláire a chur i lár an chinnidh a bhaineann leo; go mbíonn gá le deachaidreamh i measc foirne lena chinntiú go mbíonn cur chuige leanúnach sa mhúinteoireacht; ba chóir teacht ar réimsí straitéisí do scoláirí leochaileacha a chothódh cairdeas a fhorbairt is a choimeád.

Foilsíodh uirlis do mhúinteoirí ag lorg roghanna CPD i SEN. Tá an bunachar sonraí an-áisiúil agus eolas air faoi bhreis is 200 rogha CPD

## Bunachar sonraí um Sholáthar Leanúnach Forbairt Phroifisiúnta ar Imeascadh do Mhuinteoirí

I 2016, sheolamar bunachar sonraí um dheiseanna forbarta proifisiúnta leanúnaí (CPD) do mhúinteoirí in imeascadh agus riachtanais oideachasúla speisialta. Forbraíodh seo mar uirlis phraiticiúil do mhúinteoirí a rug réimse leathan eolais ar roghanna CPD ar aon láthair, an oiliuint atá á cur ar fáil ag soláthraithe éagsúla.

Tá breis is 200 iontráil sa bhunachar agus tá bealaí difriúla ann le teacht ar dheiseanna CPD, m.sh. de réir cineál soláthraí nó trí fócas ar an míchumas. Gheofar achoimre ar an eolas idir aidhmeanna an chúrsa, ábhar, fad, riachtanais iontrála, modhanna oiliúna agus measúnaithe.  Mínítear freisin cá bhfaighfear breis eolais mar shuímh idirlín agus réamheolairí.

Leis an mbunachar sonraí foilsíodh freisin achoimre gearr ar na sonraí á gcur le chéile agus achoimre ar a bhfuil ann.

## Taighde eile i 2016

**Taithí agus Torthaí Oideachais do Leanaí ag a bhfuil SEN: Idir 9–13 bliana**

Úsáideadh sonraí ón mhórstaidéar ar a fhad ar leanaí in Éirinn. Díríodh ar leanaí ag a bhfuil SEN in aois 13 bliana ag dul ar aghaidh ó thuairisc ní ba luaithe is iad naoi mbliana d'aois. Leantar staidéar a d'fhoilsigh an NCSE i 2014 agus a thuairiscigh torthaí na leanaí in aois a naoi mbliana ón sraith chéanna sonraí.

**Oideachas Imeasctha do Mhúinteoirí ag an Tosach**

Scrúdaíonn an taighde céanna an tionchar ag athruithe a cuireadh le déanaí ar Oideachas Imeasctha do Mhúinteoirí ag an Tosach (ITE) in Éirinn ar oideachas scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta SEN). Leantar mic léinn ón mbliain deiridh de chlár ITE trín gcéad dhá bhliain múinteoireachta, coimeádtar cuntas ar cé chomh hullamh is a bhraitheann siad don oideachas a chur ar scoláirí ag a bhfuil SEN.

**Athbhreithniú ar an dTionscnamh Athrú ar Sholáthar**

Seo athbhreithniú ar thionscnamh píolótach atá ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Ceapadh múinteoir, seachas Cúntóir um Riachtanais Speisialta (SNA), chun tacú le scoláirí áirithe ag a bhfuil Deacrachtaí/Míchumais Mothúcháin agus Iompair (EBD) san iarbhunscoil. Scrúdaíodh féinsmacht ar iompar agus an éifeacht ar scoláirí nuair a tugadh breis teagaisc mar rogha seachas an tacaíocht cúram a thugann SNA.

**Taighde nua**

Bunaíodh dhá tionscnamh nua taighde i 2016 go speisialta chun tacú leis an athbhreithniú ar an scéim SNA.

1. Athbhreithniú ar an bhfianaise taighde

   Táthar ag déanamh athbhreithniú ar an bhfianaise taighde ar shaghsanna éagsúla tacaíochtaí ar scolairí ag a bhfuil breis riachtanas oideachais. Go háirithe, táthar ag scrúdú staidéir a foilsíodh idir 2000-2016, a léiríonn an tionchar a bhíonn ag daoine fásta seachas múinteoirí sa seomra ranga, ag na hidirgabhálacha a bhíonn ar bun acu, ag an oiliúint a thugtar dóibh, ar thorthaí na scoláirí ag a mbíonn riachtanais bhreise.

2. Athbhreithniú trastíre

   Tá athbhreithniú ar bun i dtíortha eile ar scéimeanna atá cosúil leis an scéim SNA. Bunaíodh suirbhé do ranna/áisínteachtaí rialtais I dtíortha eile ar na seifteanna a bhíonn acu chun tacú le leanaí ag a bhfuil riachtanais bhreise oideachais, príomhghnéithe na seifteanna agus aon torthaí aitheanta a taifeadadh.

## Comhdháil Bhliantúil Taighde NCSE

Tharla ár gcomhdháil bhliantúil taighde 2016 ar 16 Samhain in Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh is 200 páirtí leasmhara i láthair, príomh-oidí agus múinteoirí, taighdeoirí, tuismitheoirí, siceolaithe oideachais, lucht oideachais mhúinteoireachta, grúpaí abhchóideachta míchumais, oifigigh na roinne agus ceardchumann agus eile. Tá sonraí iomlán na n-imeachtaí ar fáil ar ár suíomh idirlín www.ncse.ie.

I mbliana díríodh ar dhá théama. Ar maidin labhraíodh ar cheisteanna um sholáthar lárshrutha agus speisialta agus ba é ár bpríomhchainteoir, an tOllamh Roger Slee, Ollscoil na hAstráile Theas, a d'oscail an seisiún leis an dtéama úd. Ina dhiaidh sin bhí léiriú ar ár dtaighde coimisiúnaithe féin ar ranganna speisialta. San iarnóin, bhí dhá léiriú ónár dtaighde coimisiúnaithe féin a scrúdaigh taithí agus torthaí oideachais do scoláirí in iarbhunscoileanna ag a mbíonn SEN maraon le léiriú ón NCSE a bhain le soláthar oideachais speisialta in iarbhunscoileanna le 10 mbliana anuas.



Mary Byrne, NCSE; Gary Squires, Ollscoil Mhanchain; Sheelagh Drudy, NCSE; Eamon Stack, NCSE; agus Roger Slee, Ollscoil na hAstráile Theas, ag Comhdháil Taighde an NCSE mí na Samhna



Ar aghaidh ó chlé: Joanne Banks, ESRI; Mary Byrne, NCSE; Selina McCoy, ESRI; Sheelagh Drudy, NCSE; Caroline McKeown, An tIonad Taighde Oideachais

Ar chul ó chlé: Teresa Griffin, NCSE; Peter Archer, An tIonad Taighde Oideachais; Eamon Stack, NCSE; Johnny Murphy, ROS; Gary Squires, Ollscoil Mhanchain; agus Roger Slee, Ollscoil na hAstráile Theas, ag Comhdháil Taighde an NCSE mí na Samhna

# Tosaíocht Straitéiseach 4

Athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar breisoideachais agus ardoideachais do dhaoine fásta ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta chomh maith le treoracha deachleachtais a fhorbairt

# Tosaíocht Straitéiseach 4

**Athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar breisoideachais agus ardoideachais do dhaoine fásta ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta chomh maith le treoracha deachleachtais a fhorbairt**

## Athbhreithniú ar an Soláthar Reatha do Dhaoine Fásta

Tá feidhm ag an NCSE faoin Acht EPSEN trína ndéantar athbhreithniú go ginearálta ar an soláthar do dhaoine fásta atá faoi mhíchumas maidir le teacht ar bhreisoideachas, ardoideachas agus/nó oideachas ar bhonn leanúnach, athshlánú agus oiliúint. Tosaíodh ar phlé le soláthróirí seirbhísí do dhaoine fásta agus lucht míchumais, díríodh ar dtús ar sholáthar cuí FSS. I rith 2016 bhuaileamar le cuid de na soláthróirí seirbhísí agus thug cuairteanna ar chuid acu mar Prosper Fine Ghall, WALK i mBaile Átha Cliath agus Seirbhísí Tacaíochta Iníonacha na Carthanachta, Lios na Graí, Luimneach. Labhraíomar freisin le Seirbhísí Míchumais FSS agus d'fhreastail ar na Seirbhísí Lae, ócáid Foghlama New Directions a d'eagraigh FSS do na solathróirí Seirbhísí Lae mí Bealtaine 2016. Tá súil againn an t-athbhreithniú a chríochnú agus tuairisciú chuig an gComhairle i 2017.

## Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Lucht Míchumais 2015-2024

Mar thosaíocht lárnach faoin straitéis tá tógáil ar chumas, scileanna agus neamhspleáchas lucht míchumais agus leagtar síos réimsí gnímh atá le soláthar ag ranna Rialtais agus Áisínteachtaí cuí, san áireamh tá an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an NCSE. Tharla dul chun cinn cheana féin trí threoracha trasnaithe agus eolas a fhoilsiú do scoláirí, scoileanna agus teaghlaigh ar roghanna iarscoile agus trí chúntóirí um riachtanais speisialta a fhostú sna scoileanna chun díriú ar scileanna neamhspleáchas a chothú sna scoláirí. Mar a luadh cheana tá athbhreithniú ar an scéim SNA ar bun faoi láthair.

## Plean Náisiúnta um Chothromas Rochtain Ardoideachais 2016-19

Tá an NCSE páirteach mar pháirtí leasmhar ar Choiste nua Stiúrtha na Roinne Oideachais agus Scileanna don Phlean Náisiúnta um Chothromas Rochtain Ardoideachais 2015-19. Tá an Roinn sa chathaoir agus i measc na ndulalgas orthu tá monatóireacht ar dhul chun cinn an Phlean Náisiúnta Rochtain maraon le comhairle a chur ar an Roinn agus an Údarás Ardoideachais (HEA) faoi dhúshláin agus deiseanna a tharlóidh go ceann tréimhse an phlean. Sa phlean nua tá spriocanna méadaithe don rannpháirtíocht san ardoideachas ag dreamanna faoi ghannionadaíocht, lucht míchumais san áireamh.

Ar na gnímh faoin bPlean Náisiúnta tá athbhreithniú ar an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas. Cheap FSS comhairleoirí chun an athbhreithniú a dhéanamh, clúdófar soláthar airgeadais, éileamh agus riachtanais acmhainní, an tsamhail dáilte, taithí na mac

léinn agus plé na n-institiúidí ardoideachais agus breisoideachais leis an gCiste. Tharla an t-athbhreithniú i gcomhar le páirtithe leasmhara. Phléigh an NCSE leis an gcomhairleoir le linn 2016 mar chuid den phróiseas. Meastar go gcríochnófar an tuairisc ar an athbhreithniú i 2017.




Mic léinn DCU Finbarr McDermott, Laura O'Neill & Laura Nugent ag Comhdháil Taighde an NCSE mí na Samhna

## Tosaíocht Straitéiseach 5

A chinntiú go leanann an NCSE den bhforbairt mar eagraíocht éifeachtach a ghéilleann do riachtanais idir reachtúil, rialaithe agus corparáideach agus a chinntiú go mbunaítear straitéisí maidir le scaipeadh eolais, le cumarsáid agus leis na meáin

# Tosaíocht Straitéiseach 5

**A chinntiú go leanann NCSE den bhforbairt mar eagraíocht éifeachtach a ghéilleann do riachtanais idir reachtúil, rialaithe agus corparáideach agus a chinntiú go mbunaítear straitéisí éifeachtúla maidir le scaipeadh eolais, le cumarsáid agus leis na meáin.**

I 2016 leanamar dár gcumas a choimeád is a fhorbairt agus sinn mar eagraíocht éifeachtúil, i dtreo ár ndualgais a chomhlíonadh idir reachtúil, rialaithe agus eile.

## Comhairle nua

Is é an tAire Oideachais agus Scileanna a cheapann an Chomhairle faoi Alt 21 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, 2004. Tháinig deireadh le téarma trí bliana na Comhairle mar a bhí ar 31 Nollaig 2015.


Cheap an tAire Minister Eamon Stack arís mar Chathaoirleach ó 1 Eanáir 2016. Ceapadh na baill eile ón 27 Iúil 2016 ar aghaidh. Sular cheap an tAire na baill eile den Chomhairle, phléigh an Catahaoirleach NCSE leis an Aire maidir leis na scileanna agus cumas a bheadh riachtanach do na baill, de réir na dTreoracha um Cheapacháin ar Bhoird Stáit – www.stateboards.ie – Beidh deireadh le téarma na Comhairle nua ar 31 Nollaig 2018.

## Socruithe Eatramhacha Rialaithe

D'aontaigh an NCSE agus an Roinn Oideachais agus Scileanna socruithe eatramhacha rialaithe malartacha don tréimhse i 2016 sular ceapadh an Chomhairle. Orthusan bhí síniú an Chathaoirlaigh ar na Cuntais Bhliantúla agus an Tuarascáil Bhliantúil 2015 agus na próifílí oibrithe buiséid do 2016. Cuireadh an Chomhairle nuacheaptha ar an eolas fúthu.

## Coimriú don Chomhairle nua

Cuireadh an Treoir NCSE do Bhaill Chomhairle um Rialachas Corparáideach, tar éis athabhreithniú agus uasdátú le cabhair ón Institiúid Riaracháin Phoiblí, ar fáil do na baill nua Comhairle. Sa Treoir tá cleachtais agus socruithe Rialachas Corparáideach an NCSE, san áireamh tá sceideal feidhmeanna forchoimeádta na Comhairle, Coistí Comhairle agus a dtéarmaí tagartha, riachtanais eitice in oifig phoiblí agus an Cód Cleachtas Gnó do Bhaill Chomhairle. Thug an Foras Riaracháin faisnéisiú ar an dTreoir freisin do na baill. Foilsíodh an Treoir uasdátaithe do na baill ar ár suíomh idirlín www.ncse.ie.



## Cód Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit 2009

Bunaíodh an Treoir uasdátaithe ar Chód Cleachtais 2009 um Rialú Comhlachtaí Stáit. Tá sonraí deimhniú na Comhairle go ngéilleann NCSE don chód ar fáil in Aguisín 1.

## Leas-Chathaoirleach agus Coistí

Thogh an Chomhairle nua Sheelagh Drudy mar Leas-Chathaoirleach ar an gComhairle faoi Alt 19 (Sceideal 1) den Acht EPSEN. D'aontaigh an Chomhairle ar athbhunú na gcúig choiste faoi Alt 33 EPSEN – Coiste Iniúchta, Coiste Feidhmíocht POF, Coiste Airgeadais, Coiste Taighde agus Coiste Straitéis agus Polasaí. Aontaíodh freisin ar bhallraíochtna gcoistí seo – tá na sonraí ar fáil i mír Rialaithe na tuarascála seo. Ceapadh Cathaoirleach seachtrach ag a bhfuil an sainchumas cuí ar an gCoiste Iniúchta.

## Fóram Comhairliúcháin

Caithfidh an Chomhairle suas le 17 mball a cheapadh ar Fhóram Comhairliúcháin faoi Alt 22 EPSEN. Críochnaíodh téarma baill an Fhóraim le linn 2016. De réir an phróisis a mhínítear in Alt 22, cheap an Chomhairle baill ar an bhFóram agus beidh deireadh lena dtéarma I mí na Nollag 2018. Tá sonraí baill na bhFóram mar a bhí is mar atá ar fáil i Mír Rialaithe na Tuarascála seo.

## Bainistiú Feidhmíochta

Clúdaíonn an Ráiteas Straitéise NCSE an tréimhse 2011 go 2016. D'aontaigh an Chomhairle pleananna oibre mionsonraithe de réir na dtosaíochtaí straitéiseacha do 2016. Rinneadh athbhreithniú ar na pleananna céanna le linn 2016. Rinneadh measúnú ar rioscaí lárnacha eagraithe a d'aithin an coiste feidhmiúcháin agus tuairiscíodh orthu le linn 2016. Tharla athbhreithniú bliantúil iomlán ar riosca agus aontaíodh clár riosca do 2017 de réir moltaí an Choiste Iniúchta. Lean an NCSE den phlé leis An Roinn Oideachais agus Scileanna faoi chomhaontú nua soláthar feidhmíochta atá ag teacht le tosaíochtaí straitéiseacha na Roinne agus an NCSE. Thosaigh an NCSE ag obair ar straitéis nua don bhliain 2017 ar aghaidh.

D'aontaigh an Chomhairle socruithe féinmheasúnaithe dóibh fhéin is do na Coistí ar son athbhreithnithe ar an bhfeidhmíocht. Smaoineofar arís orthusan agus cuirfear iad i gcrích de réir riachtanais Cód Cleachtais 2016.

## Cuntais Bhliantúla

Cuireadh cuntais bhlianatúla 2015 faoi bhráid an Aire i mí an Mheithimh 2016. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Iniúchadh orthu sula seoltar iad chuig an Aire. Leagtar faoi bhráid an Oireachtais iad ansin agus foilsítear ar shuíomh idirlín an NCSE, www.ncse.ie, iad. Foilsítear agus cuirtear i láthair na cuntais bhliantúla ar leith ón dtuarascáil seo.

## An tAcht Rialú Stocaireachta 2015

Tá an Príomhfheidhmeannach mar oifigeach poiblí ainmnithe faoin Acht seo.

# Rialachas

# Rialachas

## An Chomhairle NCSE




An Chomhairle NCSE 2016-18 leis an bPríomhfheidhmeannach

Ar chúl ó chlé: Marion Meany, Áine Lynch, Anne Tansey, Johnny Murphy, Joe Hayes, Helen Guinan, Antoinette Nic Gearailt agus Teresa Griffin, POF

Ar aghaidh ó chlé: Tom O'Sullivan, Eithne Fitzgerald, Finian O'Shea, Eamon Stack, Cathaoirleach, Sheelagh Drudy agus Don Mahon

Is í Comhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta údarás rialaithe an NCSE. Ceapann an tAire Oideachais agus Scileanna an Chomhairle faoi Alt 21 den Acht EPSEN, 2004. Tháinig deireadh le téarma trí bliana na Comhairle a bhí ann ar 31 Nollaig 2015. Cheap an tAire Eamon Stack arís mar Chathaoirleach ó 1 Eanáir 2016. Ceapadh na baill eile ó 27 Iúil 2016. Beidh deireadh le téarma oifige an Chathaoirligh agus baill na Comhairle NCSE ar 31 Nollaig 2018. Bhí trí chruinniú ag an gComhairle i 2016. Toisc nár ceapadh an Chomhairle iomlán go dtí mí Iúil ní raibh dóthain am chun ligean dóibh teacht le chéile 6 huaire i 2016 mar a luaitear san Acht EPSEN 2004. Tá sonraí na mball agus tinrimh sa tábla anso thíos. Foilsíodh breis sonraí ar ár suíomh idirlín www.ncse.ie.

| Ballraíocht na Comhairle NCSE le linn 2016 | | |
|---|---|---|
| **Ainm** | **Sonraí** | **Tinreamh** |
| Eamon Stack*, Cathaoirleach | Iar-Phríomhchigire sa Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) | 3 |
| Sheelagh Drudy*, Leas- Chathaoirleach | Ollamh Gradaim Oideachais ag Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath is iar-Cheann an Oideachais, Scoil Oideachais COBÁC | 3 |
| Eithne Fitzgerald* | D'imigh ar scor le déanaí ó Cheannaire Polasaí agus Taighde san Údarás Náisiúnta Míchumais | 3 |
| Helen Guinan* | Cathaoirleach an Údarás Náisiúnta Míchumais. Iar-Phríomhoide ar Scoil Speisialta Naomh Pól, Montenotte, Corcaigh | 2 |
| Joe Hayes | Iar-Ambasadóir na hÉireann | 3 |
| Áine Lynch | POF Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí Bunscoile | 3 |
| Don Mahon | Iar-Phríomhchigire Cúnta sa Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) | 3 |
| Marion Meany | Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta, FSS, freagrach as seirbhísí míchumais | 3 |
| Johnny Murphy* | Cigire Rannáin, Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) | 3 |
| Antoinette Nic Gearailt | Uachtarán Chumann Scoileanna Pobail & Cuimsitheach (ACCS) | 3 |
| Finian O'Shea | Iar-Léachtóir i gColáiste Oideachais Eaglais na hÉireann | 2 |
| Tom O'Sullivan* | Iar-Leasrúnaí Cúnta Ginearálta, INTO. Iar-Phríomhoide Scoil Náisiúnta Naomh Seanáin, Luimneach | 3 |
| Anne Tansey | Stiúrthóir na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíocha Oideachais (NEPS) | 3 |

Tá na baill a bhfuil * lena n-ainm ar an gComhairle don dara téarma as a chéile

## Coistí na Comhairle

Bhunaigh an Chomhairle cúig cinn de Choistí faoi Alt 33 den Acht EPSEN. Tuairiscíon na Coistí don Chomhairle de réir a dtéarmaí tagartha agus treoracha rialaithe a leagadh síos. Tá na baill ar níos mó ná Coiste amháin. Don Choiste Iniúchta, cheap an Chomhairle Cathaoirleach seachtrach ag a bhfuil taithí chuí.

| Iniúchadh (2 chruinniú) | Tinreamh |
|---|---|
| John Fitzgerald, Cathaoirleach | 2 |
| Sheelagh Drudy | 2 |
| Helen Guinan | 2 |
| Don Mahon | 2 |
| Eamon Stack | 2 |

| Feidhmíocht CEO (1 chruinniú) | Tinreamh |
|---|---|
| Eamon Stack, Cathaoirleach | 1 |
| Helen Guinan | 1 |
| Tom O'Sullivan | 1 |

| Airgeadas (3 chruinniú) | Tinreamh |
|---|---|
| Don Mahon, Cathaoirleach | 3 |
| Joe Hayes | 3 |
| Marion Meany | 3 |
| Antoinette Nic Gearailt | 3 |

| Taighde (3 chruinniú) | Tinreamh |
|---|---|
| Sheelagh Drudy, Cathaoirleach | 3 |
| Johnny Murphy | 3 |
| Finian O'Shea | 2 |
| Anne Tansey | 2 |

| Straitéis agus Polasaí (3 chruinniú) | Tinreamh |
|---|---|
| Helen Guinan, Cathaoirleach | 3 |
| Eithne Fitzgerald | 3 |
| Aine Lynch | 3 |
| Tom O'Sullivan | 3 |

## Fóram Comhairliúcháin NCSE

Bhunaigh an Chomhairle an Fóram Comhairlitheach faoi Alt 22 den Acht EPSEN. Ceapann an Chomhairle suas le 17 mball tar éis próiseas comhairliúcháin. Ina theannta san ceapann an tAire 3 bhall. Ceapadh na baill go ceann tréimhse trí bliana a chríochnaigh i mí Iúil 2016. Bhí crunniú amháin acu i 2016.

| Fóram Comhairliúcháin NCSE (2013-16) | | |
|---|---|---|
| **Ceaptha ag an gComhairle** | | **Tinreamh** |
| Seán Balfe | Príomh-Oide Bunscoile | 1 |
| Ann Bourke | Speisialtóir Míchumais, Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte | 0 |
| Seán Burke | Iar-Phríomhfheidhmeannach, Bord Oideachais & Oiliúna Luimnigh agus An Chláir | 0 |
| Denis Burns | Stiúrthóir an Dioplóma i Riachtanais Speisialta Oideachais, Colaiste na hOllscoile, Corcaigh | 0 |
| Breda Corr | Rúnaí Ginearálta, Cumann Náisiúnta Boird Bhainistíochta san Oideachais Speisialta | 0 |
| Patricia Griffin | Oifigeach Oideachais, Siondróm Down Éireann | 1 |
| Adam Harris | Oibríonn le comhlachtaí deonacha a thacaíonn le lucht uathachais | 0 |
| Julie Helen | Saothar le Fundúireacht COPE | 1 |
| Miriam Hilliard | Eagraí Sinsir Riachtanais Oideachais Speisialta | 1 |
| Ann Jackson | Príomh-Oide scoil speisialta agus Oifigeach Cumann Múinteoirí Oideachais Speisialta | 0 |
| Denise Kelly | Oifigeach Oideachais, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | 0 |
| Christy Lynch | Cathaoirleach, Cónaidhm Náisiúnta Comhlachtaí Deonacha Príomhfheidhmeannach KARE | 1 |
| Teresa McDonnell | Cathaoirleach eagraíocht do thuismitheoirí leanaí atá bodhar nó ar a bhfuil moill éisteachta | 1 |
| Patrick McVicar | Iar-Phríomhoide Iarbhunscoile agus ball den Chomhairle Múinteoireachta | 1 |
| Deirbhile Nic Craith | Leas-Rúnaí Ginearálta, Cumann Múinteoirí Náisiúnta na hÉireann | 0 |
| Carmel O'Shea | An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí | 1 |
| Donie O'Shea | Comhairleoir Sinsir Polasaí, Údarás Náisiúnta Míchumais | 1 |

| Fóram Comhairliúcháin NCSE (2013-16) – (ar lean) | | |
|---|---|---|
| **Ceaptha ag an Aire Oideachais agus Scileanna** | | **Tinreamh** |
| Eamon Clavin | Cigire, An Roinn Oideachais agus Scileanna | 1 |
| Michael Cullinane | Stiúrthóir Náisiúnta, Seirbhís Náisiúnta Siceolaíoch Oideachais | 0 |
| Aisling Curley | Leas-Phríomhoifigeach, An Roinn Oideachais Speisialta, An Roinn Oideachais agus Scileanna | 0 |

## Fóram nua Comhairlitheach ceaptha Nollaig 2016

Tháinig deireadh le téarma an Chomhairle a bhí ann mí Iúil 2016. Ceapadh na baill nua Nollaig 2016 agus beidh deireadh lena dtéarma i mí na Nollag 2018. Ag seo thíos liosta na mball.

| Fóram Comhairliúcháin NCSE (2016-18) | |
|---|---|
| **Ceaptha ag an gComhairle** | |
| Kevin Carragher | Bainisteoir Míchumais, FSS |
| Noelle Connolly[3] | Ceannaire Seirbhísí Áitiúla, NCSE |
| Breda Corr | Rúnaí Ginearálta, Cumanan Náisiúnta Bord Bainistíochta Oideachais Speisialta |
| Padraig Flanagan | Príomh-Oide Iarbhunscoile |
| Gerard Gallagher | Comhairleoir Míchumais, ONÉ, Má Nuad |
| Patricia Griffin | Oifigeach Oideachais, Siondróm Down Éireann |
| Adam Harris | Príomhfheidhmeannach, AsIAm |
| Julie Helen | Abhchóide Tionscnamh do Lucht Míchumais |
| Ann Higgins | Príomh-Oide, Scoil Speisialta |
| Denise Kelly | Oifigeach Oideachais, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |
| Siobhan Long | Seirbhísí Míchumais Enable Ireland |
| Matt Melvin | Príomh-Oide Bunscoile |
| Teresa McDonnell | Cathaoirleach ar eagraíocht do thuismitheoirí leanaí atá bodhar nó ar a bhfuil moill éisteachta |

3 Réitigh an Chomhairle ceapachán Noelle Connolly mí Márta 2017.

| Fóram Comhairliúcháin NCSE (2016-18) – (ar lean) | |
|---|---|
| **Ceaptha ag an gComhairle (ar lean)** | |
| Deirbhile Nic Craith | Leas-Rúnaí Ginearálta, Cumann Múinteoirí Náisiúnta na hÉireann |
| Paddy O'Neill | Príomh-Oide Iarbhunscoile |
| Carmel O'Shea | An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí |
| Donie O'Shea | Comhairleoir Sinsir Polasaí, Údarás Náisiúnta Míchumais |
| **Ceaptha ag an Aire Oideachais agus Scileanna** | |
| Eamon Clavin | Cigire, An Roinn Oideachais agus Scileanna |
| Michael Cullinane | Stiúrthóir Náisiúnta, Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais |
| Catriona Hanevy | Leas-Phríomhoifigeach, An Roinn Oideachais agus Scileanna |

Aguisíní

# Aguisín 1

## Deimhnithe um Ghéilliúlacht do Riachtanais an Chóid Rialaithe do Chomhlachtaí Stáit 2009

### Córas Rialaithe Airgeadais Inmheánach (SIFC) NCSE

Tá an Chomhairle freagrach as rialú inmheánach NCSE agus athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht rialuithe inmheánacha, san áireamh bíonn airgeadas, oibriú, rialú geilliúlacht agus bainistiú riosca. Tá deimhniú ar an athbhreithniú a bheith déanta ag an gComhairle ar SIFC an NCSE i 2016 ar fáil I gcuntais iniúchta bliantúla NCSE a fhoilsítear ar leithligh.

### Sceideal Feidhmeanna Forchoimeádta agus Tiomnaithe

D’aontaigh an Chomhairle sceideal foirmiúil ábhar áirithe dá gcinneadh féin amháin chun treoir agus smacht acu ar an NCSE a chinntiú. D’aontaigh siad freisin sceideal tiomnaithe don bPríomhfheidhmeannach.

### Géilliulacht Cánach agus Rialaithe

Ní raibh aon chumarsáid faoi neamh-ghéilliúlacht do riachtanais údaráis na cánach faoi ábhar ar bith. Níl NCSE ar an eolas faoi aon neamh-ghéilliúlacht do dhlíthe ná do rialacháin a tharla nó a d’fhéadfadh a bheith tarlaithe is a chuirfeadh isteach ar ár ráitis airgeadais.

### Polasaí Taistil

Géilltear i ngach aon slí do pholasaí rialtais faoi thaisteal gnó. D’fhorbair agus cloíonn an NCSE le polasaí taistil de réir riachtanais an Rialtais.

### Polasaí Fála

San NCSE déantar de réir polasaí rialtais um fhála poiblí agus cloítear le rialacha agus cleachtais an Chód Caiteachais Phoiblí.

Baineann NCSE leas as seirbhísí i bpáirt agus conarthaí lárnacha tarraingthe, san áireamh bíonn siad siúd atá faoi Oifig Fála an Rialtais

### Díol Sócmhainní

Maidir le sócmhainní a dhíol géilleann NCSE go hiomlán do na riachtanais a leagadh síos sa Chód Cleachtais.

## Nochtadh faoi Rún

D'aontaigh an NCSE cleachtais a ligeann d'fhostaithe is baill imní a nochtadh faoi rún maidir le haon ghnó cam i dtuairisciú airgeadais nó cúrsaí eile, agus más cuí, cinnteofar go leanfar d'aon scéal a bhunaítear tríd an gcleachtas úd. Níor tharla aon cheist faoin gcleachtas úd i 2016.

## Cosaint Leanaí

D'fhorbair an NCSE cleachtais agus treoracha foirne um cheisteanna cosaint leanaí a d'ardófaí ó am go chéile. Bunaíodh na treoracha ar an dTreoir Tús Áite ag Leanaí a d'fhoilsigh An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Tá na treoracha NCSE ar fáil ar ár suíomh idirlín www.ncse.ie. Pléadh aon cheisteanna a cuireadh in iúl dúinn le linn 2016 de réir na gcleachtas úd.

## Iniúchadh

Bhunaigh an NCSE feidhm inmheánach iniúchta agus d'aontaigh cairt inmheánach iniúchta. Cheap an Chomhairle Coiste Iniúchta ag a bhfuil téarmaí aontaithe tagartha, san áireamh tá maoirsiú ar an bhfeidhm inmheánach iniúchta agus athbhreithniú ar na dréachtchuntais bhliantúla.

## Tuairisciú ar Fheidhmiú Bliantúil Fuinnimh

I 2016, thug an NCSE tuairisc ar a bhfeidhmiú fuinnimh don Údarás Fuinnimh Inmharthana in Éirinn mar a éilítear faoi rialacháin AE. Leanann an NCSE de chuntas a choimeád ar an dul chun cinn i dtreo an sprioc 2020 a mhínítear sa Phlean Náisiúnta um Fheidhmiú Fuinnimh 2014 a chuireann bonn faoin dtiomantas do laghdú 33% sa bhfeidhmiú fuinnimh faoin mbliain 2020.

## Osradharc ar úsáid fuinnimh NCSE 2014 agus 2015

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| MWh leictreachais | 139.31 | 162.34 |
| MWh breosla iontais | 273.32 | 265.40 |
| MWh breosla inathnuaite | 0.00 | 0.00 |

# Aguisín 2

## Foireann NCSE

| Grád | Foireann ag deireadh 2016 |
|---|---|
| Príomhfheidhmeannach | 1 |
| Príomh-Oifigeach | 4 |
| Ceannaire Seirbhísí Áitiúla | 1 |
| Príomh-Oifigeach Cúnta | 3 |
| Eagraí Sinsir um Riachtanais Oideachasúla Speisialta | 9 |
| Eagraí um Riachtanais Oideachasúla Speisialta (SENO) | 69 |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin | 5 |
| Oifigeach Feidhmiúcháin | 3 |
| Oifigeach Foirne | 1 |
| Oifigeach Cléireachais | 3 |
| **Iomlán** | **99** |

# Aguisín 3

## Eolas Staitistiúil don scoilbhliain 2015-16

## Scoláirí ag a bhfuil teacht ar Theagasc Acmhainne de réir catagóir míchumais

Fuair breis is 53,000 scoláire teagasc acmhainne ó mhúinteoirí acmhainne, 28,714 acu i mbunscoileanna lárshrutha agus 24,217 in iarbhunscoileanna.

| Catagóir Míchumais | Líon Scoláirí | |
|---|---|---|
| | Bunscoile | Iarbhunscoile |
| Siondróm measta | 197 | 59 |
| Uathachas/aicídí speictream uathachais | 6,487 | 3,341 |
| Siondróm Down | 167 | 16 |
| Suaitheadh mothúchán/iompair | 5,074 | 3,637 |
| Moill éisteachta | 802 | 487 |
| Míchumas meánach foghlama ginearálta | 599 | 169 |
| Míchumais iolracha | 2,272 | 1,097 |
| Eile | 28 | 2 |
| Míchumas fisiciúil | 4,504 | 3,343 |
| Tromshuaitheadh mothúchán/iompair | 812 | 474 |
| Trom/fíormhíchumas foghlama ginearálta | 34 | 0 |
| Aicíd urlabhra agus teanga ar leith | 7,437 | 1,343 |
| Bac radhairc | 301 | 249 |
| Scoláirí atá faoi mhíchumas imeallach nó éadrom foghlama ginearálta nó áirithe foghlama (meastachán) | | 10,000* |
| **Iomlán** | **28,714** | **24,217** |

* Seo líon na scoláirí ag a bhfuil míchumas ardmhinicíochta i scoileanna iarbhunoideachais. Ó 2012 i leith, réamhdháileadh thart ar 700 post teagaisc acmhainne ar scoileanna iarbhunoideachais chun tacú leo siúd agus níor ghá do scoileanna cur isteach ar thacaíocht ar bhonn scoláirí aonair.

# Aguisín 4

## Cur síos ar na Catagóirí Míchumais[4]

| Míchumais Ardmhinicíochta | |
|---|---|
| **Catagóir Míchumais** | **Cur síos** |
| Míchumas imeallach éadrom foghlama ginearálta | Rinne síceolaí measúnú ar an scoláire agus bhí fáithmheas mar mhíchumas imeallach éadrom foghlama ginearálta. Ar scála iomlán IQ bhí scór idir 70 agus 79. |
| Míchumas éadrom foghlama ginearálta | Rinne síceolaí measúnú ar an scoláire agus bhí fáithmheas mar mhíchumas éadrom foghlama ginearálta. Ar scála iomlán IQ bhí scór idir 50 agus 69. |
| Míchumas foghlama ar leith | Rinne síceolaí measúnú ar an scoláire mar a leanas:<br>▶ Meabhair chinn ar an meán nó níos airde.<br>▶ Míchumas foghlama go pointe áirithe a bhaineann le scileanna ar leith sa léamh, scríobh nó mata a chuireann an scoláire sa dara réimse céatadán i dtrialacha oiriúnacha, caighdeánacha, normthagartha. |

| Míchumais ar Mhinicíocht Íseal | |
|---|---|
| **Catagóir Míchumais** | **Cur síos** |
| Uathachas/aicíd speictream uathachais (ASD) | Rinne síciatraí nó síceolaí measúnú ar an scoláire agus bhí fáithmheas mar uathachas nó aicíd speictream uathachais de réir critéir DSM-IV, DSM-V, nó ICD-10. |
| Suaitheadh mothúchán agus/nó iompair | Bíonn an scoláire faoi chúram síciatraí nó síceolaí ar son riocht mar néaróis, síceois linbh, forghníomhaíocht, aicíd easnamh aire, ADHD nó deacrachtaí iompair a chuireann isteach go mór ar chúrsaí sóisialta agus/nó foghlama ar scoil. |
| Moill éisteachta | Tá moill éisteachta ar an scoláire atá dona go leor is nach féidir urlabhra an duine a chloisint ná a thuiscint, bíonn bac maidir le páirt iomlán a ghlacadh i gcúrsaí sa seomra ranga agus leas ceart a bhaint as an dteagasc. De ghnáth ceaptar cluaisín chúnta agus baintear leas as seirbhísí múinteoir cuairte. |
| Míchumas meánach foghlama ginearálta | Rinne síceolaí measúnú ar an scoláire agus bhí fáithmheas mar mhíchumas meánach foghlama ginearálta. Ar scála iomlán IQ bhí scór idir 35 agus 49. |

4 Ciorclán SP ED 08/02 An Roinn Oideachais agus Scileanna.

| Míchumais ar Mhinicíocht Íseal | |
|---|---|
| **Catagóir Míchumais** | **Cur síos** |
| Míchumais iolracha | Má dhéantar fáithmheas mar mhíchumais iolracha sroichtear na critéir faoi dhá cheann nó níos mó de na míchumais luaite ar mhinicíocht íseal. |
| Riachtanais oideachais speisialta de dheasca siondróm measta | Rinneadh fáithmheas mar shiondróm measta m.sh. siondróm Down, siondróm William's agus siondróm Tourette's i dteannta aon cheann de na míchumais luaite ar mhinicíocht íseal. |
| Míchumas fisiciúil | Tá míchumas buan nó fadtéarmach ar an scoláire de dheasca riocht mar éagruth sa bhroinn, spina bifida, diospraicse, diostróipe mhatánach, pairilis ceirbreach, cnámh briosc nó gortú tar eis tromthimpiste. Toisc bac ar an bhfónamh fisiciúil, bíonn gá le breis tacaíocht is idirghabháil speisialta chun leibhéal agus caighdeán oideachais oiriúnach a sholáthar de réir cumas an scoláire.<br><br>Is minic a bhíonn gá le cathaoir rotha, áis ghluaiseachta nó suite nó le taca éigin eile teicneolaíochta.<br><br>Bheadh easpa smacht is comhordú i gceist uaireanta nó deacrachtaí cumarsáide, go háirithe urlabhra, mar shampla i gcás diospraicse trom. |
| Míchumas trom nó fíor foghlama ginearálta | Rinne siceolaí measúnú ar an scoláire agus bhí fáithmheas mar mhíchumas trom nó fíor foghlama ginearálta. Ar scála iomlán IQ bhí scór faoi bhun 35. Uaireanta bíonn míchumas fisiciúil leis. |
| Tromshuaitheadh mothúchán agus/nó iompair (EBD) | Is iad critéir EBD trom ná an scoláire a bheith faoi chúram síciatraí nó síceolaí cliniciúil mar gheall ar thromshuaitheadh cliniciúil. Níl ach líon an-bheag scoláirí a bheadh sa chatagóir úd. |
| Aicíd urlabhra agus teanga ar leith | Is iad seo na critéir:<br>▶ cumas feidhmíocht seachas ó bhéal atá laistigh de réimse an mheáin nó os a chionn, sin scór IQ mar 90 ar a laghad.<br>▶ measúnú déanta ag teiripí teanga agus urlabhra ar dhá cheann nó níos mó de thréigin chaighdeán (SD) faoi bhun an mheáin, nó ag leibhéal cothrom go ginearálta (– 2 SD nó faoina bhun, nó faoi bhun scór 70) i bpríomhréimse amháin forbartha teanga agus urlabhra ar a laghad.<br><br>Ní mór dhá mheasúnú, síceolaíoch maraon le teanga agus urlabhra. |

| Míchumais ar Mhinicíocht Íseal | |
|---|---|
| **Catagóir Míchumais** | **Cur síos** |
| Bac radhairc | Tá bac radhairc ar an scoláire atá dona go leor is nach féidir feiscint i gceart, bíonn bac maidir le hábhar súl mar phictiúirí léaráidí agus téacs scríofa. Uaireanta bíonn aicíd mar dhaille sa bhroinn, feanna, ailbíneacht nó reitiníteas lítheach. De ghnáth bíonn gá le háiseanna radhairc agus baintear leas as seirbhísí múinteoir cuairte. |

# Aguisín 5

## Gluais Acrainmneacha is mó luaite

| | |
|---|---|
| ACCS | Cumann Scoileanna Pobail & Cuimsitheacha |
| ASD | Aicíd Speictream Uathachais |
| AT | Teicneolaíocht Chúntach |
| CEO | Príomhfheidhmeannach |
| CPD | Forbairt Phroifisiúnta Leanúnach |
| DES | An Roinn Oideachais agus Scileanna |
| DSM | *Diagnostic and statistical manual of mental disorders* |
| EASNIE | Áisínteacht Eorpach um Imeascadh Riachtanais Speisialta |
| EBD | Suaitheadh mothúchán/aicíd iompair |
| EPSEN | An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, 2004 |
| ESL | Luathfhágáil Scoile |
| HEA | An tÚdarás Ardoideachais |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte |
| INTO | Cumann Múinteoirí Náisiúnta na hÉireann |
| IPPE | Oideachas Imeasctha Réamhscoile |
| ITE | Oideachas do Mhúinteoirí ó Thosach |
| IQ | Comhrann intleachta |
| JEP | Clár Soláthar Iúil |
| MGLD | Míchumas éadrom foghlama ginearálta |
| NBSS | An tSeirbhís Náisiunta um Thacaíocht Iompair |
| NCSE | *An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta* |
| NEPS | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais |
| NUI | Ollscoil Náisiúnta na hÉireann |
| SESS | An tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta |
| SEN | Riachtanas oideachasúil speisialta |
| SD | Tréigean caighdeáin |
| SENO | Eagraí um riachtanais oideachasúla speisialta |
| SIFC | Córas rialaithe airgeadais inmheánach |
| SNA | Cúntóir um riachtanais speisialta |
| UCD | An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath |

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education